AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.2.2021
COM(2021) 36 final

2021/0019 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

chun síneadh a chur le tréimhse chosanta na gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí le haghaidh na speiceas asparagais agus le haghaidh na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Baineann an tionscnamh le Rialachán a ghlacfar ar bhonn Airteagal 118(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le síneadh a chur leis an tréimhse chosanta ó 25 bliana go 30 bliana le haghaidh na speiceas asparagais agus le haghaidh na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha, mar a leagtar amach faoi láthair in Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle maidir le Cearta Comhphobail i ndáil le Cineálacha Plandaí. Tá cosaint bhreise den sórt sin i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh speiceas crann, fíniúnacha agus prátaí. Is é Comhairle Riaracháin na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) a rinne an iarraidh ar shíneadh tar éis iarraidh a fháil ó phóraitheoirí a raibh ionadaíocht á déanamh ag na heagraíochtaí póraitheoirí Ciopora, Euroseeds agus Plantum ar a son, chomh maith leis an gcuideachta James Hutton Ltd.

Rinne CPVO agus an Coimisiún (AS SANTE) anailís le fáil amach an bhfuil deacrachtaí teicniúla ann i gcás na speiceas lena mbaineann maidir le pórú, rud a chiallódh go mbeadh gá le caiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde ar feadh tréimhse fada, an dtógann sé i bhfad ábhar iomadaithe a iolrú, an é san fhadtéarma amháin atá luach tráchtála ag na cineálacha nua agus an bhfuil an toradh ar infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí taighde indéanta ag céim réasúnta déanach den chosaint, agus ag an gcéim sin amháin, i gcomparáid le barra gairneoireachta nó talmhaíochta eile. Léirítear san anailís a rinneadh gur cheart, i gcás na speiceas asparagais agus i gcás na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha, gur cheart síneadh cúig bliana a chur leis an tréimhse chosanta chun timpeallacht dhlíthiúil a bhunú a chabhródh le haisíocaíocht chothrom a bhaint amach i ndáil le gníomhaíochtaí taighde agus pórúcháin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra seo, cuirtear na ceanglais atá ann cheana chun feidhme go teicniúil agus tá sé comhsheasmhach, dá bhrí sin, le forálacha beartais atá ann cheana i réimse beartais chearta phóraitheoirí plandaí na hEorpa.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo i gcomhréir le rialacha an Aontais agus comhlíonann sé na rialacha sin.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí atá leis an ngníomh seo Airteagal 118 (1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, airteagal lena dtugtar de chumhacht do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a leagan síos maidir le cearta maoine intleachtúla Eorpacha a chruthú chun cosaint aonfhoirmeach ar chearta maoine intleachtúla a áirithiú ar fud an Aontais, chomh maith le bearta maidir le córais lárnaithe um údarú, um chomhordú agus um maoirsiú a chur ar bun ar fud an Aontais.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I dtaca le ceanglais maidir le cearta póraitheoirí plandaí, déantar iad a rialáil ar leibhéal an Aontais, agus chun an tréimhse chosanta chéanna a ráthú do chearta póraitheoirí plandaí, tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Is é seo an t-aon fhoirm ghníomhaíochta amháin de chuid an Aontais trínar féidir an cuspóir saothraithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is leis an mbunús dlí, Airteagal 118 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a dhéantar foráil maidir leis an ionstraim dlí.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá iarraidh déanta ag roinnt eagraíochtaí póraitheoirí chun síneadh a chur leis an tréimhse chosanta i gcás speiceas áirithe. Cuireadh na príomhpháirtithe leasmhara agus na Ballstáit ar an eolas agus chuaigh Comhairle Riaracháin CPVO agus an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha araon i gcomhairle leo, agus mar thoradh ar chomhairliúchán Chomhairle Riaracháin CPVO bhí iarraidh fhoirmiúil ón gcomhlacht sin chuig an gCoimisiún. Níor ghá aon chomhairliúchán ar leithligh, toisc nach mbaineann an tionscnamh ach le cur chun feidhme teicniúil na rialacha atá ann cheana agus toisc nach ndearnadh aon chomhairliúchán ar leithligh faoi thionscnaimh chomhchosúla san am a chuaigh thart.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinne an Coimisiún anailís theicniúil in éineacht le CPVO.

- **Measúnú tionchair**

Is gníomh de chineál teicniúil é agus is gníomh é lena gcuirtear chun feidhme na rialacha atá ann cheana, bunaithe ar thaithí na bpáirtithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo leis an gclár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT). Chuideodh an togra le haghaidh tréimhse bhreise chosanta cúig bliana le toradh leordhóthanach a bhaint amach ar infheistíochtaí a dhéanfaí agus spreagfadh sé pórú cineálacha feabhsaithe nua a rachadh chun tairbhe do shaothróirí, do thomhaltóirí agus don tsochaí i gcoitinne. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an rochtain atá ag FBManna ar mhargaí onnmhairíochta a éascú go háirithe. Ní thiocfaidh athrú ar an bhfadhb agus an tsochaí ag baint níos mó úsáide as an idirlíon agus as na meáin shóisialta, ach amháin gur dóichí go leanfaidh an teacht atá ag tomhaltóirí ar chineálacha nua plandaí ar an idirlíon (díolacháin idirlín) de bheith ag méadú.

- **Cearta bunúsacha**

An ceart chun maoine intleachtúla, Airteagal 17(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[1]

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní ann dóibh

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é is aidhm don togra seo tréimhse chosanta na gCeart Comhphobail maidir le Cineálacha Plandaí a mhéadú ó 25 go 30 bliain le haghaidh na speiceas asparagais agus le haghaidh na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus barra ornáideacha adhmadacha. Chun na críche sin, foráiltear maidir le Rialachán chun foráil a dhéanamh maidir leis an síneadh agus in Airteagal 2(1) den Rialachán cuirtear síneadh cúig bliana leis an tréimhse chosanta le haghaidh an speicis lena mbaineann.

Thairis sin, tá sé i gceist le hAirteagal 2(2) den togra seo fad na gceart maidir le cineálacha plandaí náisiúnta a chur san áireamh. I gcás cineálacha ar deonaíodh ceart maidir le cineálacha plandaí náisiúnta dóibh sular deonaíodh an ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí dóibh, ach nach bhfuil feidhm ag an gceathrú fleasc d'Airteagal 116(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/1994 ina leith, déanfar an síneadh dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den togra seo a laghdú faoin tréimhse is faide i dtéarmaí blianta iomlána, tréimhse ar lena linn a bhí feidhm i mBallstát ag aon cheart nó aon chearta maoine náisiúnta a deonaíodh i leith an chineáil chéanna sular deonaíodh an ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí.

[1] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, lch. 391, 26.10.2012).

2021/0019 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

chun síneadh a chur le tréimhse chosanta na gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí le haghaidh na speiceas asparagais agus le haghaidh na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 118 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3]

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá gá le hinfheistíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí taighde mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla maidir le pórú, de dheasca cúlraí géiniteacha casta nó de dheasca atáirgeadh na speiceas asparagais agus atáirgeadh na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha a bheith mall nó casta go teicniúil. Chomh luath agus a thugtar cosaint do na speicis atá luaite, glacann sé roinnt blianta chun na plandaí a iolrú agus stoc a charnadh atá mór go leor chun ioncam réasúnta a shaothrú. Dá réir sin, an tréimhse ama ar féidir le sealbhóir na gceart ioncam a shaothrú atá bunaithe ar an gcosaint lena linn, tá an tréimhse sin teoranta ar chúiseanna praiticiúla. Chun an infheistíocht i dtaighde agus i bhforbairt i leith na gcineálacha sin a spreagadh, is gá síneadh a chur leis an tréimhse chosanta le haghaidh cineálacha chomh maith le gníomhaíochtaí pórúcháin a dhreasú chun cineálacha nua a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfeirmeoirí agus na dtomhaltóirí agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide. Bíonn tréimhse ama níos faide de dhíth ar na hinfheistíochtaí sin chun brabús a dhéanamh i gcomparáid leis an gcuid is mó de speicis eile, amhail barra talmhaíochta ar minic a bhíonn saolré níos giorra agus bonn custaiméirí níos mó agus níos leithne acu.

(2) Ina theannta sin, maidir le cineál nua de na speicis sin, bíonn tréimhse ama níos faide de dhíth ar an tabhairt isteach agus an glacadh ar an margadh, mar gur léir ón taithí a fuarthas nach nochtar an luach tráchtála atá ar chineál nua ach amháin san fhadtéarma. Ar na cúiseanna sin, ní féidir aisíocaíocht chothrom a dhéanamh ar an infheistíocht taighde ach amháin ag céim réasúnta déanach de chosaint na speiceas sin i gcomparáid leis na barra eile.

---

2 IO C ../../….2020, lch. ….

3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … agus cinneadh ón gComhairle an ….

(3) Chun timpeallacht dhlíthiúil a bhunú a chabhródh le haisíocaíocht chothrom a bhaint amach, is iomchuí síneadh cúig bliana eile a chur le tréimhse na gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí a bhaineann leis na speicis asparagais agus leis na grúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha.

(4) Ar mhaithe leis an gcomhsheasmhacht, ba cheart feidhm a bheith ag an síneadh sin maidir leis na cearta Comhphobail uile i ndáil le cineálacha plandaí a bhaineann leis na speicis asparagais agus leis na grúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha.

(5) Ba cheart tréimhse an tsínte a laghdú más rud é go raibh feidhm i mBallstát ag cearta maoine náisiúnta i leith na gcineálacha sin sular deonaíodh ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí agus, dá réir sin, go raibh cead ag póraitheoirí a gcuid cineálacha a shaothrú cheana féin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘na cineálacha plandaí lena mbaineann’ cineálacha plandaí de na speicis asparagais agus de na grúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha;

(2) ciallaíonn ‘téarma an chirt’ an téarma a thagann as Airteagal 19(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle, ar téarma é de chuid ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí.

Airteagal 2
Síneadh a chur le tréimhse na gceart

1. Cuirfear síneadh cúig bliana le téarma an chirt de chuid na gcineálacha plandaí lena mbaineann. Beidh feidhm ag an síneadh sin maidir le cearta a deonaíodh roimh an 1 Iúil 2021, nó ar an dáta sin nó dá éis.

2. Tá mír 1 gan dochar do na nithe seo a leanas:

   (a) Airteagal 3 den Rialachán seo;

   (b) an ceathrú fleasc d’Airteagal 116(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94.

Airteagal 3
Síneadh thréimhse na gceart a ghiorrú

1. I gcás na gcineálacha plandaí dá dtagraítear i mír 2, laghdófar síneadh an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 2 faoin tréimhse is faide i dtéarmaí blianta féilire iomlána ar lena linn a bhí feidhm i mBallstát ag aon cheart nó aon chearta maoine náisiúnta a deonaíodh i leith an chineáil chéanna sular deonaíodh an ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí.

2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir leis na cineálacha plandaí lena mbaineann nach bhfuil faoi réir an cheathrú fleasc d’Airteagal 116(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94

agus dár deonaíodh ceart amháin nó níos mó maidir le cineálacha plandaí náisiúnta sular deonaíodh ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*